Laoch na hÉireann

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin dornálaíocht. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, déan cur síos don duine in aice leat ar a bhfuil ar eolas agat faoi Katie Taylor.



Ceist 2 An bhfuil Gaeilge agat ar na focail seo thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír? Bí ag obair leis an duine in aice leat, agus mura bhfuil sibh cinnte faoi na focail, féachaigí san fhoclóir.

a historic occasion	_____
it is reported	_____
to beat, get the better of	_____
lightweight	_____
champion	_____
famous	_____
especially	_____
if it weren't for Katie	_____
fifty years	_____
deserved	_____

Anois, caithigí súil ar an tuairisc le feiceáil an gcuideodh sin libh.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus ansin déan cur síos don duine in aice leat ar:

1) an troid dheireanach a bhí ag Katie Taylor
2) na cainteanna atá ag dul ar aghaidh
3) an méid a bhí le rá ag Róisín Gannon

Ceist 4 '…gurb í…'

Is iad gur / gurb na foirmeacha spleácha den chopail san aimsir láithreach:

- ✓ Úsáidtear ***gur*** roimh chonsain – sílim ***gur*** dochtúir é

- ✓ Úsáidtear ***gurb*** roimh ghutaí – gurb í, gurb álainn, gurb iondúil

Ach

- ✓ Úsáidtear ***gur*** roimh ghutaí sna cásanna seo – gur Éireannach í (ainmfhocal), gur ar an mbord atá sé (roimh réamhfhocal simplí), agus dúradh gur uirthise atá an fliú (forainm réamhfhoclach)

Líon na bearnaí sna habairtí thíos le ***gur*** nó ***gurb***:

1. Ceapaim _____ maith an rud é.
2. Deir Seán liom _____ aisteoir iontach é.
3. Sílim _____ le Síle an teach sin.
4. Is cosúil _____ annamh a thagann sé.
5. Deir siad _____ iadsan na daoine is fearr.
6. Ceapaim _____ aisteach an scéal é.
7. Deirtear _____ Astrálach í.
8. Is cosúil _____ cliste an bhean í.

Ceist 5 '… Leathch**h**éad…'

An féidir leat an séimhiú sa sampla thuas a mhíniú?

Ceist 6 Féach ar an tvuít a sheol Amanda Serrano i ndiaidh na troda. Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa agus freagair na ceisteanna:

1. Cén Ghaeilge a chuirfeadh sibh ar an tvuít?
2. Cén fáth ar sheol sí an tvuít sin, dar libh?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinnfear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2

a historic occasion	*ócáid stairiúil*
it is reported	*tuairiscítear*
to beat, get the better of	*an ceann is fearr a fháil ar*
lightweight	*éadrom-mheáchan*
champion	*seaimpín*
famous	*clú agus cáil ar*
especially	*go mór mór*
if it weren't for Katie	*murach Katie*
fifty years	*leathchéad bliain*
deserved	*tuillte*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

1. Ceapaim **gur** maith an rud é.
2. Deir Seán liom **gur** aisteoir iontach é.
3. Sílim **gur** le Síle an teach sin.
4. Is cosúil **gurb** annamh a thagann sé.
5. Deir siad **gurb** iadsan na daoine is fearr.
6. Ceapaim **gurb** aisteach an scéal é.
7. Deirtear **gur** Astrálach í.
8. Is cosúil **gur** cliste an bhean í.

Ceist 5

Is sampla é an t-ainmfhocal 'leathchéad' de chomhfhocal. Nuair a thagann dhá fhocal le chéile chun aon fhocal amháin a chruthú, tugtar 'comhfhocal' (comh + focal = comhf**h**ocal) air. Cuirtear séimhiú ar an dara focal más féidir.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán. Aistriúchán na tvuíte:

Bhuaigh muid.
Bhuaigh muid ar son an chomhionannais.
Bhuaigh muid ar son chothrom na Féinne.
Bhuaigh muid ar son na dornálaíochta.
Bhuaigh muid ar son na mban.
Bhuaigh muid ar son cailíní óga.

Cuirim mo lámh in airde, mar sin, mar sheaimpín, is cuma faoi thoradh na troda.

Áine Lally
Tá go leor cainte faoi chomórtas eile dornálaíochta a bheith idir laoch na tíre seo, Katie Taylor agus Amanda Serrano i bPáirc an Chrócaigh. Ócáid stairiúil a bheas[1] ann ar ndóigh. Tuairiscítear go bhfuil cainteanna ann faoin troid a reáchtáil i mBaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair. Fuair Taylor an ceann is fearr ar Serrano ag an deireadh seachtaine, i gcomórtas dornálaíochta in Madison Square Garden. Fágann an bua sin sa gcraobh[2] éadrom-mheáchan dhomhanda gurb í bean Chill Mhantáin an seaimpín i gcónaí.

Róisín Gannon, Dornálaí le Club Dornálaíochta Chonamara
Tá clú agus cáil ar Katie agus tá a fhios ag chuile[3] dhuine fúithi, ach tá sé thar am aici troid a bheith aici sa mbaile, go mór mór leis an méid atá déanta aici do dhornálaíocht na hÉireann agus *even* níos mó arís do dhornálaíocht na mná (na mban). Mar, murach Katie ní bheadh aon dornálaíocht ann in Éirinn do mhná. Ach cheapfainn, má thagann sí go Páirc an Chrócaigh, nach mbeidh aon duine sa tír nach mbeidh ag iarraidh ticéad a fháil le dul chuici.

Mar gheall, tá sé leathchéad bliain ó bhí an troid phroifisiúnta thuas i bPáirc an Chrócaigh. Is é Muhammad Ali an fear deiridh a throid thuas ann in 1972. Ní bheadh aon duine níos fearr le troid thuas ann ná í agus tá sé tuillte chuile *bhit* beo aici, troid thuas i bPáirc an Chrócaigh. Go mór mór, cheapfainnse nach mbeadh Páirc an Chrócaigh sách mór le haghaidh an troid (na troda) seo mar gheall… tá an oiread daoine atá ag iarraidh dul chuig an troid seo.

[1] 'a bheas' = a bheidh
[2] Canúint Chonnacht atá ag na cainteoirí seo; mar sin, cuirtear urú seachas séimhiú ar ainmfhocail i ndiaidh 'sa'.
[3] chuile = leagan canúnach de 'gach uile'